2018. M106T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2018

# An Pholaitíocht agus an tSochaí - Ardleibhéal

Dé Céadaoin, 20 Meitheamh – Tráthnóna 2:00 go dtí 4:30

400 marc

| Scrúduimhir | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

| | Ceist | Marc | |
|---|---|---|---|
| | | **Scrúdaitheoir** | **Scrud. Comh.** |
| **Roinn 1** | **C. 1** | | |
| **Roinn 2** | **C. 2(a)** | | |
| | **C. 2(b)** | | |
| | **C. 2(c)** | | |
| | **C. 2(d)** | | |
| | **C. 2(e)** | | |
| | **C. 2(f)** | | |
| **Roinn 3** | **C. 3** | | |
| | **C. 4(a)** | | |
| | **C. 4(b)** | | |
| | **C. 5(a)** | | |
| | **C. 5(b)** | | |
| | **C. 6** | | |
| **Iomlán (Páipéar)** | | | |

| | Marc | |
|---|---|---|
| | **Scrúd.** | **Scrud. Comh** |
| **1.** Iomlan na n-iomlán bun leathanaigh | | |
| **2.** Móriomlán na gceisteanna dícheadaíodh | | |
| **An marc a bronnadh (1 lúide 2)** | | |

| | Marc | |
|---|---|---|
| | **Scrúd.** | **Scrud. Comh.** |
| An Scrúdpháipéar | | |
| Bonas don Ghaeilge | | |
| Móriomlán (Páipéar) | | |
| Tuairisc ar Thionscadal Saoránachta | | |
| **An marc iomlán a bronnadh** | | |

## Treoracha d'iarrthóirí

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 50 marc |
| Roinn B | Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 200 marc |

Freagair gach roinn.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| **Roinn 1** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist 1** | **(a)** | | | **(g)** | | |
| | **(b)** | | | **(h)** | | |
| | **(c)** | | | **(i)** | | |
| | **(d)** | | | **(j)** | | |
| | **(e)** | | | **(k)** | | |
| | **(f)** | | | **(l)** | | |

| | **Scrúdaitheoir** | **Scrúd. Comh.** |
|---|---|---|
| **Marc carnach** | | |
| **Móriomlán na gceisteanna dícheadaíodh** | | |
| **An marc iomlán a bronnadh** | | |

| **Roinn A** | **Ceisteanna Gearrfhreagra** | **50 marc** |
|---|---|---|

Freagair **deich** gcinn de na míreanna seo a leanas**, (a), (b), (c)…** Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Ceist 1** **(50 marc)**

**(a)** Ainmnigh smaointeoir a ndearna tú staidéar air/uirthi a áitíonn gurb ionann agus gadaíocht saibhreas daoine a thógáil i bhfoirm cánacha.




_______________________________________________

Ainmnigh an fhealsúnacht pholaitiúil a chuireann saoirse an duine aonair chun cinn agus atá ar son ról an rialtais a laghdú a oiread agus is féidir.

_______________________________________________

**(b)** **(i)** An próiseas daonlathach é an próiseas lena dtoghtar daoine do Sheanad Éireann? Tabhair cúis le do fhreagra.

_______________________________________________

_______________________________________________

**(ii)** Cén cuspóir atá leis an Seanad?

_______________________________________________

_______________________________________________

**(c)** Mínigh cad a chiallaíonn sé a rá go bhfuil cearta daonna uilíoch, neamh-inchoimhthithe agus doroinnte.

Uilíoch _______________________________________________

_______________________________________________

Neamh-Inchoimhthithe _______________________________________________


_______________________________________________

Doroinnte _______________________________________________

_______________________________________________

**(d)** An féidir labhairt faoi fhéiniúlacht Éireannach chomhroinnte in Éirinn sa lá atá inniu ann? Cosain do fhreagra.

**(e)**



Cén smaointeoir is mó a shamhlófá leis an múnla oideachais sa chartún seo?

Cén cáineadh a rinne an smaointeoir sin ar an múnla oideachais sin?

**(f)** Tabhair **trí** phíosa eolais chun an fheidhm atá ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a mhíniú.

**(g)** Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an Ionadaíocht Chionmhar (PR) trí aonvóta inaistrithe.

Buntáiste

Míbhuntáiste

**(h)** Luaigh **dhá** thoradh a bhíonn ar neamhionannas ioncaim in Éirinn maidir le deiseanna duine sa saol.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(i)** Tabhair toradh dearfach **amháin** agus toradh diúltach **amháin** ar dhomhandú eacnamaíochta.

**(i)** Toradh dearfach ______________________________________________________

______________________________________________________________________

**(ii)** Toradh diúltach ______________________________________________________

______________________________________________________________________

**(j)** Ainmnigh **dhá** dhúshlán atá roimh rialálaithe na meán craolacháin sa lá atá inniu ann.

An chéad dúshlán ______________________________________________________

______________________________________________________________________

An dara dúshlán ______________________________________________________

______________________________________________________________________

**(k)** Léiríonn daonáireamh na Príomhoifige Staidrimh, 2016, go n-aicmíonn 4.1% den daonra, nó 195,263 duine, iad féin mar chúramóirí neamhíoctha. Mná is ea 60% de na cúramóirí. Meastar gur fiú €10 billiún in aghaidh na bliana do Stát na hÉireann an obair chúraim sin.

**(i)** Ainmnigh smaointeoir a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi agus a tharraing aird ar an obair a dhéanann mná mar chúramóirí.

______________________________________________________________________

**(ii)** Cén chúis a thugann an smaointeoir seo mar mhíniú ar obair na mban mar chúramóirí a bheith á meas faoina luach?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(l)** Sa tréimhse díreach roimh reifreann Brexit sa Ríocht Aontaithe i mí an Mheithimh 2016, rinne foinsí áirithe nuachta cur síos ina gcuid ceannlínte ar an inimirce agus ar a tionchar le focail mar 'géarchéim', 'ó smacht', 'ag ardú as cuimse', 'forleathan', 'neamh-inbhuanaithe', 'dofhulaingthe', agus 'gan staonadh'.

Bhí inimircigh 'ag plódú isteach', 'ina scaotha', 'ag réabadh', 'ag ionradh', 'ina dtáinrith' agus ag cur na Ríochta Aontaithe 'faoi léigear'.

Bhí teorainneacha na Breataine 'ina bpraiseach', 'ag titim as a chéile', 'scáinte', 'ag díoscán' agus 'ag lúbadh'.

Déan cur síos ar **dhá** shlí a raibh tionchar ag na focail chorraitheacha a bhí á n-úsáid i ráitis ó pholaiteoirí nó ó na meáin chumarsáide sa tréimhse roimh reifreann Brexit.

An chéad slí ____________________________________________________________

________________________________________________________________________

An dara slí _____________________________________________________________


________________________________________________________________________

## Roinn B — Ceisteanna Bunaither ar Shonraí — 150 marc

Freagair **gach** ceist sa roinn seo. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Doiciméad A**
Tá sliocht thíos as Achoimre Feidhmiúcháin ar thuarascáil a d'fhoilsigh Clár Taighde na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Tá an clár á mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann.

# Achoimre Feidhmiúcháin




Is é cuspóir na tuarascála seo achoimre sholéite a thabhairt ar an eolas atá ar fáil faoin athrú leanúnach aeráide agus faoi na slite a mheastar a rachaidh sé i bhfeidhm ar Éirinn, i bhformáid a bheidh úsáideach ag lucht déanta polasaithe, ag na daoine a dhéanfaidh na cinntí in earnálacha agus i gceantair éagsúla, agus ag páirtithe leasmhara eile ar spéis oiriúnú don athrú aeráide in Éirinn nó a bheith ag obair sa réimse sin.

Tá an t-eolas náisiúnta bunaithe den chuid is mó ar thaighde atá á mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), ar thaighde nasctha leis sin atá á mhaoiniú ag comhlachtaí náisiúnta eile, Met Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), Foras na Mara san áireamh agus ar thaighde atá á dhéanamh ag institiúidí tríú leibhéal.

Ní féidir a shéanadh go bhfuil córas aeráide an domhain á théamh agus is é is dóichí gurb é tionchar an duine an phríomhchúis leis an téamh atá tugtha faoi deara ó bhí lár an 20ú haois ann.

Tá bearta á ndéanamh chun an t-athrú aeráide a mhaolú nó a shrianadh, go háirithe Comhaontú Pháras in 2015. Ainneoin sin, tá mórán de na hathruithe agus dá n-iarmhairtí **"faoi ghlas"** i gcórais aeráide an Domhain agus beidh an aeráid ag athrú go ceann na mblianta fada de thoradh ar nithe a rinneadh san am a caitheadh.

Tá tionchar na n-athruithe aeráide le feiceáil go soiléir ar chórais an dúlra agus ar chórais dhaonna sna hilchríocha go léir agus ar fud na n-aigéan. Tá sé le feiceáil ó na sonraí go bhfuil aeráid na hÉireann ag athrú freisin. Meastar go rachaidh na hathruithe seo ar aghaidh agus i méid sna blianta amach romhainn. Is é a chiallaíonn athrú aeráide, ní hamháin athruithe ar an meánaeráid, i.e. nithe mar an teocht, an bháisteach agus leibhéil na farraige a bheith ag ardú, ach, ina theannta sin, athruithe ar mhinicíocht agus ar dhéine imeachtaí eisceachtúla aimsire agus aeráide. Aithnítear go bhféadann iarmhairtí tábhachtacha socheacnamaíocha a bheith ag baint le himeachtaí eisceachtúla aimsire, amhail drochthuilte, triomach agus tonnta teasa/fuachta. Mar sin, tá suim faoi leith ag lucht déanta polasaithe agus ag páirtithe leasmhara sna hathruithe ar a minicíocht agus ar a ndéine.

In Éirinn, rachaidh an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla forleathana ar an gcomhshaol, ar an tsochaí, ar na hearnálacha eacnamaíocha agus ar acmhainní nádúrtha. Ina measc sin tá éiceachórais bhainistithe agus nádúrtha, acmhainní uisce, sábháilteacht talmhaíochta agus bia, sláinte an duine, agus infreastruchtúir agus criosanna cósta. Is féidir le himeachtaí eisceachtúla aimsire dul i bhfeidhm láithreach ar an infreastruchtúr, ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí agus cur isteach go mór orthu.

**Doiciméad B**
I mí Mheán Fómhair 2017, d'fhoilsigh Trócaire tuarascáil dar teideal '***Still Feeling the Heat'*** inar tugadh cuntas ar an gcaoi a bhfuil an t-athrú aeráide ag dul i gcion ar chúig cinn de thíortha – na hOileáin Fhilipíneacha, Hondúras, an Chéinia, an Mhaláiv agus an Aetóip. Aonad Polasaí, Taighde agus Abhcóideachta Thrócaire a réitigh an tuarascáil, le tacaíocht ó Ollscoil Mhaigh Nuad agus ó Ollscoil na Maláive.

Tarraingítear sa tuarascáil ar bhreis agus 170 foilseachán ón taighde a rinneadh le déanaí agus ó irisí idirnáisiúnta eolaíochta agus maítear go gcuirtear ar fáil '*bonn láidir fianaise eolaíochta le tuiscint a fháil ar iarmhairtí agus ar éiginnteacht an athraithe aeráide i ngach ceann de na tíortha thuasluaite*'.

## An Aetóip



**Go hachomair: Ag brath go han-mhór ar thalmhaíocht ísealteicneolaíochta atá á cothú ag an mbáisteach, go mór i mbaol ón athrú aeráide.**

**Anois féin: Tá an séasúr fáis sa réigiún 15% níos giorra cheana féin. Triomaigh thimthriallacha nach dtarlaíodh ach uair amháin gach deich mbliana, tá siad tar éis cur as don tír in 2011, 2012, 2015, 2016 agus 2017.**

**An baol ón athrú aeráide amach anseo: É ag éirí níos deacra teacht ar uisce, triomach ag tarlú níos minice, laghdú mór ar phríomhbharra gráin, agus baol níos mó ó ghalair.**

**Astaíochtaí bliantúla $CO_2$ in aghaidh an duine: 0.1 tona méadrach – beagnach seachtó a ceathair uair níos ísle ná in Éirinn.**

**Réamhrá**
Tá an Aetóip go mór i mbaol ón athrú aeráide domhanda mar go bhfuil sí ag brath ar an talmhaíocht.

Maireann 80% de mhuintir na hAetóipe i gceantair thuaithe agus braitheann a bhformhór ar an bhfeirmeoireacht leorchothaitheach chun greim a mbéil a sholáthar dóibh. Saothraítear beagnach 95% de tháirgí talmhaíochta na tíre ar ghabháltais teaghlaigh a bhfuil níos lú ná heicteár amháin ina bhformhór. An talmhaíocht a thugann 37% den olltáirgeacht intíre chomh maith le 90% de na heaspórtálacha agus den fhostaíocht.

Braitheann feirmeoirí agus tréadaithe na hAetóipe ar dhá shéasúr báistí in aghaidh na bliana. Baineann éagsúlacht an-mhór le titim na báistí cheana féin. De bhrí nach bhfuil teacht ag formhór na bhfeirmeoirí ar an uisciú, nuair nach dtagann an bháisteach, féadann tubaiste tarlú.

Le linn na tréimhse 1980-2010 tuairiscíodh deich gcinn de mhórthubaistí de bharr triomaigh san Aetóip. Bhí babhtaí éagsúla leantacha triomaigh ann in 2015/16 agus in 2017 agus chuir gach ceann acu as do bhreis agus 15 mhilliún duine.

Fágann gach triomach leantach go mbíonn sé níos deacra biseach a fháil agus is mó arís an baol do mhuintir na hAetóipe ón athrú aeráide.

Cheana féin, tá na teochtaí ag ardú san Aetóip, agus tá an príomhshéasúr fáis ar fud oirthear na hAfraice 15% níos giorra anois. Fiú má dhéantar laghdú ollmhór ar astaíochtaí, meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar phríomhbharra gráin na hAetóipe de bharr athruithe aeráide sa todhchaí.

Anuas air sin, is dócha nach mbeidh 39-59% de na limistéir ina bhfástar caife faoi láthair oiriúnach do tháirgeadh caife de bharr athrú aeráide. Is barr é caife a chothaíonn 15 mhilliún feirmeoir agus a thugann isteach an ceathrú cuid den mhéid a thuilleann an Aetóip ó easpórtálacha.

Má leanann na hastaíochtaí ar aghaidh gan srian, d'fhéadfadh ardú thart ar 4°C teacht ar na meánteochtaí, rud a bheadh tubaisteach. Ach fós, is beag smacht atá ag an Aetóip ar a bhfuil le tarlú – ó tharla go bhfuil a cuid astaíochtaí de dhé-ocsaíd charbóin (0.1 tona méadrach in aghaidh an duine) i measc na n-astaíochtaí is ísle ar domhan cheana féin, tá todhchaí na tíre ag brath ar an laghdú a dhéanfaidh tíortha eile ar a gcuid astaíochtaí carbóin siúd.

**Ceist 2** **(150 marc)**

**(a)** I nDoiciméad A, cad is brí don téarma **'faoi ghlas'** i dtaca le hathrú aeráide de?

**(b)** Cén bharúil a bheadh agat faoi thodhchaí na hAetóipe ó Dhoiciméad B?

**(c)** Cad iad na conclúidí is féidir leat a bhaint as an eolas thuas faoi thionchar an athraithe aeráide ar dhaoine i dtír atá forbartha (Doiciméad A) agus ar dhaoine i dtír atá i mbéal forbartha (Doiciméad B)?

**(d)** An bhfuil an méid atáthar a mhaíomh i nDoiciméad A iontaofa? Cosain do fhreagra agus tú ag tagairt d'údaracht na tuarascála, don chlaontacht a d'fhéadfadh a bheith inti agus a ábhartha agus atá sí do lucht déanta polasaithe agus cinntí.

**(e)** An bealach éifeachtach é meascán de thráchtaireacht agus de staitisticí chun torthaí taighde a chur i láthair? Cosain do fhreagra agus tagairt agat do Dhoiciméad B.

**(f)** Ag tarraingt duit ar Dhoiciméad A agus Dhoiciméad B agus ar an bhfoghlaim níos leithne atá déanta agat i dtaca leis an bPolaitíocht agus an tSochaí, an aontaíonn tú leis an ráiteas seo a rinne Máire Mhic Róibín? Cosain do fhreagra.


**"Is é an t-athrú aeráide an bhagairt is mó ar chearta daonna san 21ú haois."**

| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 200 marc |
|---|---|---|

Freagair **dhá** cheist ar bith as na ceisteanna 3, 4, 5 agus 6. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Ceist 3** **(100 marc)**

Sheol Leo Varadkar an tvuít seo le linn a fheachtais do cheannaireacht Fhine Gael i mBealtaine 2017.



Tá conradh sóisialta nua á mholadh agam d'Éirinn. #fgle17

12:26 IN – 27 Bealtaine 2017

I bhfianaise na gceisteanna tromchúiseacha sóisialta atá roimh shochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann, déan measúnú ar cé acu atá gá le conradh sóisialta nua sa tír seo nó nach bhfuil.

[Ba cheart go mbeadh samplaí agus fianaise agat mar thacaíocht le do fhreagra agus bíodh tagairt agat do bheirt teoiricithe ainmnithe ar a laghad a bhfuil staidéar déanta agat orthu.]

**Ceist 4(a)** **(100 marc)**

I 1918, tugadh cead den chéad uair do mhná Éireannacha a bhí os cionn 30 bliain d'aois agus a raibh réadmhaoin acu vótáil agus seasamh i dtoghchán. Roimhe sin coinníodh na mná as an saol poiblí den chuid is mó agus, dá bhrí sin, ní raibh siad le feiceáil sa saol poiblí mar gheall ar nádúr patrarcach na sochaí a bhí in Éirinn ag an am.

I mbliana agus an vóta parlaiminteach do mhná á chomóradh againn 100 bliain anonn, an feiniméan fós i sochaí na hÉireann í an bhean dhofheicthe? Pléigh é sin.

[Ba cheart go mbeadh samplaí agus fianaise i do fhreagra agat chun tacú le do sheasamh. Ba cheart duit tagairt freisin do thuairimí beirt teoiricithe ainmnithe nó níos mó a bhfuil staidéar déanta agat orthu.]

**NÓ**

**Ceist 4(b)** **(100 marc)**

An aontódh an teoricí Kathleen Lynch go mbuanaíonn an córas oideachais éagothroime i sochaí na hÉireann?

[Ba cheart go mbeadh samplaí agus fianaise reatha i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt freisin do thuairimí teoricí ainmnithe amháin eile a bhfuil staidéar déanta agat air nó uirthi.]

**Ceist 5(a)** **(100 marc)**

**"Mar Uachtarán na Stát Aontaithe, tabharfaidh mé tús áite do Mheiriceá i gcónaí, díreach mar a thabharfaidh sibhse, mar cheannairí bhur dtíortha, tús áite i gcónaí do bhur dtíortha féin – faoi mar ba chóir daoibh a dhéanamh i gcónaí."**

Thug an tUachtarán Trump an teachtaireacht sin do cheannairí domhanda eile ag Comhthionól na Náisiún Aontaithe, ar 19 Meán Fómhair 2017.

An dtaispeánann polasaí an Uachtaráin Trump maidir le 'Tús Áite do Mheiriceá' agus fás an náisiúnachais i dtíortha eile gur mó atá an domhan á dheighilt idir 'sinne agus iadsan'? Pléigh é sin.

[Ba cheart go mbeadh samplaí agus fianaise reatha i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt freisin do thuairimí beirt teoiricithe ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu.]

**NÓ**

**Ceist 5(b)** **(100 marc)**

**"Ceann de na rudaí maithe faoin domhandú is ea gur chruthaigh sé aon phobal idirnáisiúnta ceoil amháin, agus mothaím go mór go bhfuilim mar chuid de."**

The Edge, ceoltóir agus ball den bhanna U2

Tá cultúir agus féiniúlachtaí náisiúnta á mbriseadh síos ag an domhandú agus tá cultúr iltíreach agus féiniúlacht iltíreach á gcruthú. Pléigh é sin.

[Ba cheart go mbeadh samplaí agus fianaise ó chomhthéacs áitiúil agus/nó domhanda i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt freisin do thuairimí beirt teoiricithe ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu.]

**Ceist 6** **(100 marc)**

**"Bíonn tearcfhorbairt ann de dheasca daoine i dtíortha beagfhorbartha gan an t-eolas, an teicneolaíocht ná an tionsclaíocht a bheith acu a bhíonn ag daoine i dtíortha forbartha."**

*Sonraíocht Churaclaim CNCM, An Pholaitíocht agus an tSochaí,* lch 42

An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Cosain do sheasamh.

[Ba cheart go mbeadh samplaí agus fianaise reatha i do fhreagra chun tacú le do sheasamh. Ba cheart duit tagairt freisin do dhá cheann nó níos mó de chomhaontuithe nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha **agus / nó** do thuairimí beirt teoiricithe ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu.]

Áirítear Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe, Comhaontú Aeráide Pháras, an Banc Domhanda, an Fóram Eacnamaíoch Domhanda, etc. ar na comhaontuithe agus na heagraíochtaí náisiúnta ábartha.

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é.**

**Freagra**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**
**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**
**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

**Admhálacha**

**Íomhánna**

An íomhá ar lch 3: Summers D. <https://townhall.com/political-cartoons/2016/04/18/140569> (Léite 06 Nollaig 2017).
An íomhá ar lch 4: <https://www.vistoenlasredes.com/twitter/simplemente-cuanta-razon-por-enesta do de hola> (Léite 05 Nollaig 2017).

**Sleachta**

An tagairt ar lch 6: Moore, M and Ramsay, G. *UK Media Coverage of the 2016 EU Referendum Campaign*, King's College London, 2017. < https://www.kcl.ac.uk/sspp/policy-institute/CMCP/UK-media-coverage-of-the-2016-EU Referendum-campaign.pdf> (Léite ar 12 Nollaig 2017) Arna chur in oiriúint.
An sliocht ar lch 11: Robinson M. *Why Climate Change is a Threat to Human Rights,* TedWomen 2015 <https://www.ted.com/talks/mary_robinson_why_climate_change_is_a_ threat _to_human_rights> (Léite 10 Nollaig 2017)
An tvuít ar lch 12: <https://twitter.com/campaignforleo?lang=en> (Léite 09 Nollaig 2017).
An sliocht ar lch 13: BBC News. *U2 Guitar Sale Helps Raise $2.4m*. <http://news.bbc.co.uk/2/hi/entertainment/6580901.stm> (Léite ar 10 Nollaig 2017)

**Tuarascálacha**

Doiciméad A ar lch 7: Desmond, M. O'Brien, P and McGovern, F. *A Summary of the State of Knowledge on Climate Change Impacts for Ireland,* Report No 223, 2017, Online Version. <http://www.epa.ie/pubs/reports/research/climate/EPA%20RR%20223_web.pdf> (Léite ar 24 Samhain 2017). Arna chur in oiriúint.
Doiciméad B ar lch 8: Trócaire. *Still Feeling the Heat*. 2017. <https://www.trocaire.org/sites/default/files/resources/policy/still-feeling-the-heat.pdf> (Léite ar 24 Samhain 2017). Arna chur in oiriúint.

D'fhéadfadh sé go ndearnadh ábhar a oiriúnú, ar mhaithe leis an measúnú, gan toiliú an údair a fháil roimh ré.

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu . Ullmhaíodh an páipéar de réir Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000. Ní údaraítear aon úsáid a bhaint as seachas an úsáid lenar ceapadh é. Ní ghlacann an Coimisiún aon fhreagracht as aon sárú ar chearta tríú páirtí a leanann as dáileadh nó as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

An Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Céadaoin, 20 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 – 4:30